Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, ar sheirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc.

Dlitear farasbarr €10.4 milliún a thabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den Chuntas an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

***Struchtúr Cuntas Leithreasa***

Tugtar cuntas sa chaiteachas ar sheirbhísí oideachais sa bhliain 2014 faoi Vóta 26 i gceithre phríomhearnáil na bhfo-mhírcheann a fhreagraíonn do na spriocanna ardleibhéil i Ráiteas Straitéise na Roinne 2011 – 2014 agus clúdaítear an caiteachas reatha agus an caiteachas caipitil araon. Thairis sin, sonraítear na costais riaracháin faoi earnálacha ar leith chomh maith le hiad a chionroinnt ar cheithre earnáil an chaiteachais, i gcomhréir leis an gcur chuige um buiséadú feidhmíochta a tugadh isteach i gcomhair na ranna Rialtais go léir. Is mar seo a leanas atá na ceithre chlár

- Clár A – a fhónann d'oideachas an chéad leibhéil, d'oideachas an dara leibhéal agus don oideachas sna luathbhlianta
- Clár B – a fhónann don fhorbairt scileanna
- Clár C – a fhónann don ardoideachas
- Clár D – a fhónann do sheirbhísí caipitil.

Déantar leithreasaí-i-gcabhair a thugtar chun cuntais i raon na bhfo-mhírcheann E.1 go E.5 a fhritháireamh in aghaidh ollchaiteachas na Roinne.

***Athchóiriú na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS***

I gcomhthéacs an Chláir Oibre um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí, leanadh den athchóiriú fairsing ar earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna ó cheann ceann na bliana 2014. Rinneadh na freagrachtaí as na feidhmeanna oiliúna agus as an bhfoireann a ghabh le naoi gcinn déag de Lárionaid Oiliúna SOLAS a aistriú faoi choimirce an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bhain le hábhar, agus cuireadh tús le forás ar struchtúr eagraíochtúil nua, le forbairt ar bheartais Acmhainní Daonna nua agus le tionscadail ar sheirbhísí comhroinnte i gcomhair an phárolla agus i gcomhair an airgeadais.

Rialaíonn Bord Cláir an Clár um Athchóiriú na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS, arb éard atá ann ná naoi gcinn déag de thionscadail ar leith, agus tugann an Bord Cláir tacaíocht don Chlár sin. Is mise a dhéanann cathaoirleacht ar an mbord seo i mo cháil mar Ard-Rúnaí agus áirítear le ballraíocht an bhoird daoine de bhuíon ardbhainistíochta na Roinne mar aon le hArd-Rúnaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, Ard-Stiúrthóir SOLAS agus na Príomhfheidhmeannaigh ar dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Déanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais bhliantúla na mBord Oideachais agus Oiliúna agus cuntais bhliantúla SOLAS a iniúchadh.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Tuairiscítear ar cheangaltais chaipitil atá infheidhmithe le dlí ag an tairseach €12.7 milliún (S14/03/06).

***Sócmhainní nach bhfuil faoi rialú díreach na Roinne***

Sócmhainní nach bhfuil faoi rialú díreach na Roinne, ní áirítear iad mar shócmhainní chun críocha an Ráitis faoi shócmhainní caipitil ach déantar tagairt dóibh ar mhodh nóta leis na cuntas (F7/11/94).

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as féachaint chuige go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus i bhfianaise na ndualgas eile a leagtar orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go ndéantar na sócmhainní a chosaint, na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus tá an córas agus a éifeachtacht á gcoinneáil faoi athbhreithniú leantach.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta maille le cuntasacht dá réir
- tá socruithe i dtaca le tuairisciú curtha ar bun ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna foirmiúla imeachta curtha ar bun chun teipeanna suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- is ann do Choiste Iniúchóireachta chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.

***Iniúchóireacht Inmheánach, Iniúchóireacht Chiste Sóisialta na hEorpa agus Coiste Iniúchóireachta***

Ullmhaítear cláir bhliantúla iniúchóireachta faoi choimirce Choiste Iniúchóireachta na Roinne agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn comhlíonadh cheanglais rialála an Aontais Eorpaigh maidir le bainistíocht, le rialú agus le hiniúchadh na bhfeidhmeanna dá leithéid in Éirinn) don Choiste ar fheidhmiú na gclár seo agus ar chríochnú na dtuarascálacha iniúchóireachta. Críochnaíodh fiche ceann de thuarascálacha iniúchóireachta go hiomlán – trí cinn déag de thuarascálacha Chiste Sóisialta na hEorpa agus seacht gcinn de thuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí – i rith na bliana 2014. Déanann an dá aonad rianú ráithiúil ar an dul chun cinn a dhéantar ó thaobh na moltaí a eascraíonn ó na tuarascálacha iniúchóireachta a chur i ngníomh.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa faoi Chairteacha scríofa ar leith.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- gurb ann do chóras cuí buiséadaithe maille le buiséad bliantúil a bhíonn á choinneáil faoi athbhreithniú ag bainisteoirí sinsearacha
- go ndéanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- go n-oibríonn córas um bainistíocht phriacail laistigh den Roinn
- gurb ann do chórais arb éard is aidhm leo ná slándáil na gCóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú
- gurb ann do threoirlínte cuí um rialú infheistíochta caipitil agus do smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

***Soláthar poiblí***

Féachann an Roinn le féachaint chuige gurb ann do bhéim chuí ar an dea-chleachtas ó thaobh an cheannaigh de agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm ó thaobh na treoirlínte ábhartha go léir a chomhlíonadh. Tá an Roinn comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha i dtaca leis an soláthar, seachas i gcás soláthair ar luach iomlán €2.5 milliún, a dhéantar as na rudaí seo a leanas

- bhí dhá cheann déag de sheirbhísí agus de cheannacháin arb é a luach iomlán conartha ná €149,487 i bhfeidhm sa bhliain 2014 gan dul i dtuilleamaí próisis chuí ó thaobh an tsoláthair de
- rinneadh sé chonradh sa raon luacha €25,000 go €50,000, cúig chonradh sa raon luacha €50,000 go €100,000 in aghaidh na bliana, dhá chonradh sa raon luacha €100,000 go €200,000 in aghaidh na bliana agus ceithre chonradh sa raon luacha €200,000 go €575,000 in aghaidh na bliana a ghlacadh ar láimh gan phróiseas iomaíoch agus cuireadh sonraí ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa tuairisceán faoi Imlitir 40/2002.

Tharla na heisceachtaí seo ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear síneadh conartha ag feitheamh le bunú na socruithe lárnaithe seirbhíse poiblí, soláthar soláthraí aonair/theoranta agus leanúnachas gnó. Tá gach cás á choimeád faoi athbhreithniú gníomhach agus tá bearta á ndéanamh nuair a bhíonn sin indéanta. Ina theannta sin, Athchóiriú an tSoláthair agus tá an Roinn ag tapú na deise ar chonarthaí láraithe agus ar chreataí láraithe a úsáid san áit ar cuí sin.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam ó thaobh cheanglais an chomhaontaithe bhainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna a sholáthar.

Tá litir dhearbhúcháin faighte agam ón Oifigeach Cuntasaíochta i dtaca le Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear rialuithe ar an leibhéal cuí ó thaobh seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna a sholáthar don Roinn seo. Féach nóta 5.5(a) freisin.

***Priacail shuntasacha airgeadais***

Leanann an Roinn de bheith ag féachaint do phriacail shuntasacha airgeadais agus do phriacail shuntasacha eile trí bhíthin Chlár Priacal na Roinne. Is cáipéis bheo an Clár agus cuirtear bord ar bhord é le priacail nua a aithnítear nó le hathruithe ar phriacail reatha. Baineann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí feidhm as an gClár ó thaobh measúnú a dhéanamh ar an bpriacal laistigh de ghníomhartha iniúchóireachta na Roinne chun cuidiú leis i dtaca lena acmhainní a dhíriú ar iniúchóireacht na bpriacal is mó de chuid na Roinne.

***Rialachas***

Leanann an Roinn de shocruithe stóinsithe tuairisceoireachta a fhorbairt lena comhlachtaí agus lena gníomhaireachtaí chun a bhfeidhmíocht agus a rialachas a bhainistiú. Agus é sin á dhéanamh ag an Roinn, féachann sí le cur chuige a ghlacadh chuici féin a dhíríonn ar thorthaí agus ar tháirgí, agus a chuimsíonn fíortháscairí feidhmíochta. Tá comhaontuithe seirbhíse le roinnt áirithe comhlachtaí agus gníomhaireachtaí i bhfeidhm ina thaobh seo agus tá obair le dreamanna eile ag dul chun cinn ó thaobh comhaontuithe seirbhíse a shocrú. Is é is cuspóir leis an gcomhaontú seirbhíse ná a chinntiú go mbainfear feidhm as acmhainní ar mhodh a bheidh éifeachtach agus éifeachtach ó thaobh an chostais de chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal.

Lena chois sin, tá fochoiste den Choiste Comhairleach Bainistíochta curtha ar bun agam le déanaí chun tacú lena thuilleadh forfheidhmiúcháin agus forbartha a dhéanamh ar shocruithe rialachais agus cuntasachta ar fud na hearnála oideachais.

***Nochtadh cosanta***

Ceanglaíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a shuíomh agus a chothabháil chun plé le nochtadh cosanta agus chun faisnéis i scríbhinn i dtaobh na nósanna imeachta seo a chur ar fáil d’oibrithe. Cuireann treoirlínte eatramhaca na Roinne in iúl go soiléir go bhfuil an Roinn tiomanta do thimpeallacht chuí a chur chun cinn d’fhonn aghaidh a thabhairt ar bhuarthaí a bhaineann le héagóir féideartha sa láthair oibre agus d’fhonn an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil don fhoireann a tharraingíonn fíorbhuarthaí anuas.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

4 Méan Fómhair 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn Oideachas agus Scileanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Socruithe leis na Coimisinéirí Ioncaim***

I Nóta 6.12 den chuntas leithghabhála, nochtann an tOifigeach Cuntasaíochta sonraí faoi íocaíocht chuntais socraíochta de €1.36 milliún a rinneadh do na Coimisinéirí Ioncaim. Leagann Caibidil 12 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2014 amach tuilleadh sonraí maidir leis an íocaíocht seo chomh maith le socraíocht bhreise íocaíochta do na Coimisinéirí Ioncaim ar luach €10.89 milliún déanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Meán Fómhair 2015

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A | Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus sna Luathbhlianta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,981,140 | | | |
| | | *Forlíontach* | 91,000 | 6,072,140 | 6,055,463 | 5,998,821 |
| B | Forbairt Scileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 351,296 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,500) | 346,796 | 342,192 | 362,116 |
| C | Ardoideachas | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,455,943 | | | |
| | | *Forlíontach* | 20,500 | 1,476,443 | 1,478,397 | 1,542,677 |
| D | Seirbhísí Caipitil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 614,498 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | 610,498 | 624,030 | 519,902 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,402,877 | | | |
| | | *Forlíontach* | 103,000 | **8,505,877** | **8,500,082** | **8,423,516** |
| E | *Bain de* **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **554,333** | **558,928** | **563,985** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,848,544 | | | |
| | | *Forlíontach* | 103,000 | | | |
| | | | | **7,951,544** | **7,941,154** | **7,859,531** |

**Farasbarr le tabhairt suas**

Dlitear farasbarr an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 10,390,347 | 86,375,415 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**[a]

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 56,588 | 56,020 | 57,043 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,520 | 1,464 | 1,507 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 955 | 966 | 917 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,820 | 1,757 | 1,734 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha Teicneolaíochta Faisnéise | 4,946 | 4,036 | 5,632 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,539 | 1,509 | 1,578 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus seirbhísí eile | 99 | 154 | 62 |
| viii | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 18,124 | 17,037 | 17,437 |
| *ix* | *Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh (AE)* | — | — | *531* |
| | | 85,591 | 82,943 | 86,441 |

[a] Tugadh caiteachas riaracháin na Roinne chun cuntais faoi na fo-cheannteidil X.1 go X.8 i 2014 (2013: X.1 go X.9).

# Nótaí ar an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán | | 82,943 | 86,441 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 8,417,139 | 8,337,075 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,500,082** | **8,423,516** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **558,928** | **563,985** |
| **Glanchaiteachas** | | **7,941,154** | **7,859,531** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (14,602) | | |
| Dímheas | 686 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 16 | (13,900) | 103,316 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (65,390) | (46,346) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 21,004 | | |
| Laghdú ar stoc | 1 | | |
| | | 21,005 | (22,707) |
| **Caiteachas díreach** | | **7,882,869** | **7,893,794** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 23,330 | 24,165 |
| Measchíosanna | | 3,662 | 2,505 |
| **Glanchostas na gclár** | | **7,909,861** | **7,920,464** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 26 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | 398 | 396 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 406 | 278 |
| Vóta 12 Aoisliúntas | 17,071 | 17,922 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,174 | 5,231 |
| An Príomh-Chiste - pinsin na nairí | 281 | 338 |
| | **23,330** | **24,165** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 99,801 | 100,662 |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | 90,627 | 25,237 |
| | | **190,428** | **125,899** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 108 | 109 |
| Réamhíocaíochtaí[a] | | 2,822 | 1,584 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhálacha | | 6,216 | 6,326 |
| Aisghabháil chostais na foirne ar iasacht | | 259 | 297 |
| Ioncam fabhraithe | | 600 | 21,372 |
| Cistí an AE ar fionraí | 2.8 | 15 | 29 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 81,047 | 80,978 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **91,067** | **110,695** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 75,468 | (5,533) |
| Creidiúnaí (Dliteanas ioncaim) | | 1,359 | — |
| Costais fhabhraithe | | 10,418 | 10,237 |
| Ioncam iarchurtha | | 29 | 28 |
| Aisghabháil tuarastail do ranna agus do ghníomhaireachtaí eile | | 2 | — |
| Cistí an AE ar fionraí | 2.8 | 2,418 | 4,885 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 912 | 3,873 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 2,264 | 77,782 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **92,870** | **91,272** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(1,803)** | **19,423** |
| **Glansócmhainní** | | **188,625** | **145,322** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.1 | **188,625** | **145,322** |

[a] Ba é suim iomlán réamhíocaíochta na Roinne do 2013 ná €5 mhilliún. Go hearráideach, rinneadh an tsuim a ghanniontráil faoi €3.5 milliún ag eascairt as fágáil amach réamhíocaíochtaí ar luach iomlán €3.5 milliún le haghaidh áitreabh cíosa ó thuairisceáin na Roinne. D'eascair an earráid mar gheall ar athrú i struchtúr cuntas vóta na Roinne, a raibh feidhm leis ó 2013 ar aghaidh.

| 2.1 Cuntas Maoinithe an Stáit | Nóta | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 145,322 | 178,973 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 7,951,544 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (10,390) | | |
| Glanvóta | | | 7,941,154 | 7,859,531 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 23,330 | 24,165 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 3,662 | 2,505 |
| Míreanna eile neamhairgid[a] | 2.2[a] | | (14,982) | 612 |
| Glanchostas na gclár | 1 | | (7,909,861) | (7,920,464) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **188,625** | **145,322** |

[a] Baineann mír neamhairgid 2014 le cur chuige cuntasaíochta chur de láimh teicniúil sócmhainní tógála na Roinne.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 98,362 | 7,498 | 18,042 | 123,902 |
| Breiseanna | 14,555 | 18 | 250 | 14,823 |
| Diúscairtí[a] | (14,982) | (71) | (388) | (15,441) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 97,935 | 7,445 | 17,904 | 123,284 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | — | 7,104 | 16,136 | 23,240 |
| Dímheas i leith na bliana | — | 94 | 592 | 686 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (67) | (376) | (443) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | — | 7,131 | 16,352 | 23,483 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **97,935** | **314** | **1,552** | **99,801** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **98,362** | **394** | **1,906** | **100,662** |

[a] Maidir le suim dhiúscairtí na sócmhainní seasta talún agus foirgneamh arbh fhiú €14,982 milliún í, is mar dhiúscairt chun críocha cuntasaíochta sna cuntais leithreasa bhliantúla a phléann an Roinn le rialú sócmhainne, seachas úinéireacht na sócmhainne sin, a aistriú chuig údarás scoile. Seo a leanas na scoileanna a aistríodh le linn 2014:

| Ainm na Scoile | Luacháil |
|---|---|
| | € |
| Pobalscoil Bhéal an Átha Móir, Co. Liatroma | 2,107,440 |
| Lisgaugh Doon, Scoil na Trionoide Naofa | 640,000 |
| Pobalscoil Trá Mhór – Ardscoil na Mar | 4,117,200 |
| Loch Garman, Diméin na Craobhaí – Coláiste na Craobhaí (Pobalscoil Ghuaire, Cuid A) | 6,677,000 |
| Loch Garman, Diméin na Craobhaí – Coláiste na Craobhaí (Pobalscoil Ghuaire, Cuid B) | 1,440,000 |
| Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Coimín, Cill Mhantáin | 2 |
| **Iomlán** | **14,981,642** |

**Nóta Ginearálta**

**1. An Chéad Leibhéal**

1.1 Ba é móriomlán na scoileanna náisiúnta a bhí ag feidhmiú ar 31 Nollaig 2014 ná 3,278. Cé is moite de 1.3 (i) go 1.3 (iii) thuas, scoileanna sainchreidmheacha is ea a bhformhór agus tá siad faoi úinéireacht an údaráis dheoisigh ábhartha.

1.2 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 45 láithreán an chéad leibhéil agus tá siad á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.3 (i) Tá 70 Gaelscoil agus 31 scoil ilchreidmheach ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag Boird Bhainistíochta. Tá dhá phobalscoil náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus á rialú/mbainistiú ag bainisteoir amháin arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

1.3 (ii) Tá ceithre láithreán il-sainchreidmheacha agus láithreán agus foirgnimh do scoil Chaitliceach amháin i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chomhaontuithe léis fhadtéarmaigh ach déantar iad a rialú/a bhainistiú ag boird bhainistíochta.

1.3 (iii) Tá naoi modhscoil, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.4 Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, tá scoil choinneála leanaí amháin dílsithe fós don Aire Oideachais agus Scileanna. Tá próiseas aistrithe na scoile seo chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla) faoi shiúl. Tá an scoil á bainistiú ag bord bainistíochta.

1.5 Tá an tAire ar dhuine den bheirt ráthóir ar Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin (Gabháltais) Teoranta, ar cuideachta atá teoranta ag ráthaíocht é agus ar úinéir agus sealbhóir maoine i gContae Ard Mhacha é, maoin a úsáidtear do Lárionad Uathachais Choillidh Chanannáin.

**2. An Dara Leibhéal**

2.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna 22 láithreán i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus tá siad seo á rialú/mbainistiú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

2.2 (i) Tá 14 scoil chuimsitheacha, 81 phobalscoil agus ceithre mheánscoil, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

2.2 (ii) Dílsítear 262 ghairmscoil do Bhoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2.2 (iii) Tá 371 meánscoil faoi úinéireacht phríobháideach.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| | Conarthaí tógála | Feidhmchláir intí ríomhaireachta | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2014 | 24,707 | 530 | 25,237 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim i leith na bliana | 64,870 | 520 | 65,390 |
| Aistrithe go clár na sócmhainní | — | — | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig 2014 | 89,577 | 1,050 | 90,627 |

**2.4 Banc agus Airgead Tirim**

| ag 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntas an Phámháistir Ghinearálta | (76,243) | 5,707 |
| Bainc thráchtála | 771 | — |
| Mionairgead | 4 | — |
| Orduithe gan íoc | — | (174) |
| | (75,468) | 5,533 |

**2.5 Stoic**

| ag 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 58 | 65 |
| Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise | 50 | 44 |
| | 108 | 109 |

**2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| ag 31 Nollaig | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 54 | 804 |
| Aiscí pósta, scoir agus báis | 2 | 143 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 160 | 60 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 2,160 | 2,160 |
| Pasanna taistil | 197 | 204 |
| Dlite ón Stát – ar fionraí | 45 | 56 |
| Aisghabháil sheirbhísí comhroinnte na n-oifigí | 131 | 264 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 54 | 49 |
| Ilghnéitheach | 19 | 10 |
| Fionraí Párolla | 77,961 | 77,228 |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus liúntais chothaithe | 99 | — |
| Bord um Shásamh | 165 | — |
| | 81,047 | 80,978 |

**2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile**

| ag 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dlite don Stát | 2 | 26 |
| An Bord um Shásamh | — | 3,292 |
| Aisíoc pinsin | 55 | 60 |
| Clár tógála fuinnimh | 394 | 441 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 50 | — |
| Banc Ceannais | 11 | 7 |
| 2014/2015 seoltáin | 370 | — |
| Ranníocaíochtaí pinsin do chéilí agus leanaí | — | 6 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | — | 3 |
| Creidiúnaí eile | 12 | — |
| Ilghnéitheach | 18 | 38 |
| | 912 | 3,873 |

**2.8 Glandliteanas don Státchiste**

| ag 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 10,390 | 86,375 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (8,126) | (8,593) |
| Glandliteanas don Státchiste | 2,264 | 77,782 |

**Arna léiriú le:**

| | | |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair – ar fionraí | 81,002 | 80,922 |
| Dlite ón Stát – ar fionraí | 45 | 56 |
| Cistí an AE – ar fionraí | 15 | 29 |
| | 81,062 | 81,007 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (75,468) | 5,533 |
| Dlite don Stát – ar fionraí | (2) | (26) |
| Cistí an AE – ar fionraí | (2,418) | (4,885) |
| Iarmhéideanna creidmheasa – ar fionraí | (910) | (3,847) |
| | (78,798) | (3,225) |
| | 2,264 | 77,782 |

**2.9 Ceangaltais**

| ag 31 Nollaig | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais Iltaobhacha** | | |
| Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le teacht maidir le: | | |
| Fo-mhírchinn soláthair | 42 | 94 |
| Fo-mhírchinn deontais | 13,128 | 10,296 |
| | | |
| **(b) Ceangaltais chaipitil Ilbhliantúla** | | |
| | | |
| Caiteachas sa bhliain 2014[a] | 548,822 | 437,831 |
| Ceangaltais atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht[b] | 1,897,460 | 1,652,631 |

[a] Áirítear mar chuid den chaiteachas i 2014 €28 milliún (2013: €13 milliún) maidir le híocaíochtaí caipitil a rinneadh faoi thionscadail chomhpháirtíochta poiblí príobháidí (CPP).

[b] Áirítear ar na ceangaltais a bhfuil freastal le déanamh orthu sna blianta atá le teacht luach €1.407 billiún (2013: €1.396 billiún) ar thionscadail CPP i dtaca le dualgais chaipitil agus le dualgais neamhchaipitil leithéidí airgeadas, feidhmiú agus cothabháil.

Soláthraíonn Nóta 2.9 (c) sonraí faoin gcaiteachas caipitil agus faoi na ceangaltais ar thionscadail CPP.

**Tionscadail chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán €12,697,380 nó níos mó**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas go 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht** | **Iomláin tionscadail** | **Iomláin tionscadail** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fo-mhírcheann D.3** | | | | | |
| 1. Pobalscoil Mhullach Íde | 13,860 | — | 7 | 13,867 | 13,866 |
| 2. Pobalcholáiste Bhaile Lotrail | 13,052 | 88 | 230 | 13,370 | 13,338 |
| 3. Meánscoil “Oideachas le Chéile (Educate Together)” Pháirc Hans[a] | — | 891 | 14,528 | 15,419 | — |
| 4. Forbairt Champas Charraig Phiarais[a] | — | 7,044 | 5,306 | 12,350 | — |
| 5. Scoil Náisiúnta Ráth Maoláin[a] | — | 73 | 12,520 | 12,593 | — |
| 6. Pobalcholáiste na Ciseoige[a] | — | 4,154 | 9,752 | 13,906 | — |
| 7. Dornán Scoileanna na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais 1[a, b] | — | 11,715 | 7,719 | 19,434 | — |
| 8. Dornán Scoileanna na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais 2[a, b] | — | 10,825 | 8,543 | 19,368 | — |
| 9. Dornán Scoileanna na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais 3[a, b] | — | 13,916 | 20,381 | 34,297 | — |
| **Fo-iomlán** | **26,912** | **48,706** | **78,986** | **154,604** | **27,204** |
| **Fo-mhírcheann D.4** | | | | | |
| 10. Ollscoil na hÉireann, Corcaigh – Leigheas | 22,575 | 106 | — | 22,681 | 22,681 |
| 11. Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath – Lárionad Eolaíochta | 59,692 | 1,082 | — | 60,774 | 60,774 |
| 12. Coláiste Phádraig, Droim Conrach – Forbairt an Champais | 16,161 | 22,626 | 949 | 39,736 | 39,736 |
| 13. Campas Ghráinseach Ghormáin | 12,400 | 16,782 | 818 | 30,000 | 27,900 |
| **Fo-iomlán** | **110,828** | **40,596** | **1,767** | **153,191** | **151,091** |
| **Iomlán** | **137,740** | **89,302** | **80,753** | **307,795** | **178,295** |

[a] Is tionscadail nua a tháinig i bhfeidhm i 2014 Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile Pháirc Hans, Forbairt Champais Charraig Phiarais, Scoil Náisiúnta Ráth Maoláin, Pobalscoil na Ciseoige, agus 3 Scoilbheart na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

[b] Is tionscadail tógála iad 3 Scoilbheart GNFA a ndéanann an ghníomhaireacht sin maoirseacht orthu.

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos sna cásanna sin inar mhéadaigh ceangaltais ilbhliantúla faoi níos mó ná €500,000 ó 2013 go 2014.

| Tionscadal | Méadú iomlán costas i 2014 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Campas Grangegorman | 2,100 | D'eascair méadú 2014 sna ceangaltais ó €27.9 milliún go €30 milliún ar an tionscadal có-mhaoinithe seo le ITBÁC mar gheall ar chomhaontú idir an Roinn agus Gníomhaireacht Fhorbartha ITBÁC/Ghráinseach Ghormáin, comhaontú a dúirt go méadódh an Roinn a cuid den mhaoiniú don tionscadal seo. Lena sheal, mhéadaigh ITBÁL a cheangaltas do thionscadail eile níos lú a bhain le Gráinseach Ghormáin. |

**(c) Costais chaipitil ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Caiteachas go 31 Nollaig 2013 | Caiteachas | Ceangaltais is infheidhmithe le dlí atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht | Iomláin tionscadail | Iomláin tionscadail |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann CPP | 37,003 | 3,487 | 26,589 | 67,079 | 67,079 |
| 2. Dornán Cúig Threoirscoil | 37,322 | 3,276 | 56,629 | 97,227 | 97,227 |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí | 21,434 | 2,374 | 57,108 | 80,916 | 80,916 |
| 4.An Chéad Dornán Scoileanna CPP | 14,181 | 1,921 | 68,618 | 84,720 | 84,720 |
| 5. An Dara Dornán Scoileanna CPP | 16,229 | 2,607 | 91,682 | 110,518 | 110,518 |
| 6. An Tríú Dornán Scoileanna CPP[a] | — | 14,361 | 116,241 | 130,602 | 130,205 |
| 7. An Ceathrú Dornán Scoileanna CPP[b] | — | — | 77,944 | 77,944 | — |
| | 126,169 | 28,026 | 494,811 | 649,006 | 570,665 |

[a] Tá costas an tionscadail seo tugtha bord ar bhord leis an eolas is déanaí ó bhí 2013 ann.

[b] Níor cuireadh an 4ú scoilbheart san áireamh i gcuntais 2013 ós rud é nach raibh an conradh i bhfeidhm go dtí Nollaig 2014.

***Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí***

Tá seacht chonradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP).

Is ann do dhá thionscadal CPP tríú leibhéal, Coláiste Náisiúnta Muirí na hÉireann, Corcaigh, agus Ceolscoil Chorcaí chomh maith le cúig thionscadal scoile CPP, (cúig scoil phíolótacha agus Scoilbhearta 1, 2, 3 agus 4). Tá feidhm leis an seacht gconradh ar fad do chúig bliana is fiche. Leanfaidh na foirgnimh de bheith in úinéireacht an Stáit fad a bheidh feidhm ag an gconradh, agus tabharfar ceadúnas don chuideachta CPP chun na saoráidí a thógáil agus chun iad a chothabháil ar feadh tréimhse cúig bliana is fiche.

***Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann***

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004 agus ba é Oideachas Fócais Éireann (Focus Education Ireland) an comhpháirtí ón earnáil phríobháideach. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibrithe in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

***CPP Cúig Threoirscoil***

Tá na cúig iar-bhunscoil lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh, i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Tionscadail Jarvis Ltd. i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

***Scoil Cheoil Chorcaí***

Ba i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief Developments UK Ltd. chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

***An Chéad Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Márta 2009 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun na ceithre iarbhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

***An Dara Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Comhpháirtíochtaí Maquarie ar son na hÉireann (Maquarie Partnerships for Ireland) chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i gCill Mhantáin,Co. Chill Mhantáin, Baile Átha Buí, Co. na Mí, Chill Dara, Co. Chill Dara, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus Beanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú amach i ndeireadh na bliana 2011.

***An Tríú Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP BAM PGGM Infrastructure Cooperatie U.A. chun seacht gcinn d'iarbhunscoileanna agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú, atá Ionnaithe i nGuaire, Co. Loch Garman, Trá Mhór, Co. Phort Láirge, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (bunscoil agus iar bhunscoil a roinnt ar an gcampas céanna), Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, Dún, Co. Luimnigh, Leitir Ceanainn, Co. Dhún nan Gall agus Béal an Átha Móir, Co. Liatroma. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

***An Ceathrú Dornán Scoileanna CPP***

Ba i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM PGGM Infrastructure Cooperatie U.A. chun ceithre cinn d'iarbhunscoileanna a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú, I Tulla, Co. an Chláir, Sciobairín, Co. Chorcaí, Dún Dealgan, Co. Lú agus Carraid na Siúire, Co. Thiobraid Árann.

**2.10 Dliteanais Aibithe**

Níorbh fhéidir próiseáil sonrasc áirithe a bhí ar láimh ag deireadh na bliana a thabhairt chun críche de dheasca na sprioc-amanna inmheánacha próiseála íocaíochta a bhí riachtanach chun é a chur ar chumas na Roinne ríomhaistrithe airgid a chur i gcrích faoi sprioc-amanna na mbanc tráchtála. Ag éirí as na teorannuithe próiseála seo, bhí dliteanais aibithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna arbh éard a bhí iontu go hiomlán ná €75,783 ar 31 Nollaig 2014. Ba í an tsuim choibhéiseach ar 31 Nollaig 2013 ná €54,824.

## 3 Caiteachas ar Chláir de réir an Fho-mhírchinn

I gcomhlíonadh na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí agus le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe bhain an Roinn Oideachais agus Scileanna feidhm as próiseas airgeadais ar a dtugtar vírimint (virement) sa bhliain 2014, amhail a rinneadh i mblianta eile. Lig an próiseas víriminte don Roinn fónamh a bhaint as coigilteas i bhfo-mhírcheann amháin nó níos mó ná fo-mhírcheann amháin chun riar ar róchaiteachas i bhfo-mhírchinn eile i Vóta 26. Tagraítear do Chodanna B.1.1.11 agus C.2 (6-13) de na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí. I bhfianaise an fhaireacháin leanúnaigh ar threochtaí caiteachais sa Roinn, baineadh feidhm as vírimint i dtaca le fo-mhírchinn áirithe ina ndeachaigh, mar shampla, scéimeanna/tionscadail chun cinn ní ba thapúla ná mar a tuaradh i dtosach nó ina raibh éileamh/costais sa bhliain 2014 ní ba mhó ná mar a measadh i dtosach.

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus sna Luathbhlianta** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 58,583 | 54,687 | 54,995 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 10,395 | 8,892 | 10,150 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) bunmhúinteoirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,018,420 | | | |
| | | *Forlíontach* | 23,000 | 2,041,420 | 2,036,340 | 2,075,701 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) meánmhúinteoirí, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,118,053 | | | |
| | | *Forlíontach* | (11,000) | 1,107,053 | 1,099,355 | 1,122,476 |
| A.5 | Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le tuarastail múinteoirí gairmscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 537,113 | | | |
| | | *Forlíontach* | 28,000 | 565,113 | 569,479 | 575,466 |
| A.6 | Tuarastail agus pá (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 362,256 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,000 | 373,256 | 374,922 | 361,947 |
| A.7 | Tuarastail agus pá (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) foirne neamh-mhúinteoireachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | | | 100,637 | 100,149 | 102,025 |
| A.8 | Aoisliúntas srl. maidir le foireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,026,669 | | | |
| | | *Forlíontach* | 40,000 | 1,066,669 | 1,059,361 | 973,991 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | 170,000 | 172,081 | 170,750 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna agus eagraíochtaí agus forais oideachais eile | | | 408,931 | 409,103 | 387,300 |
| A.11 | Deontais do chomhlachtaí oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | 66,837 | 68,819 | 66,874 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | | 23,900 | 23,404 | 23,340 |
| A.13 | Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | | 52,415 | 55,142 | 53,441 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | 26,931 | 23,729 | 20,365 |
| | | | | 6,072,140 | 6,055,463 | 5,998,821 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €16.7 milliún an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár A ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh – baineann fo-mhírchinn A.13 agus A.14 leis an gcatagóir seo.

Lena chois sin, tá míniú curtha ar fáil i leith na bhfo-mhírcheann – A.3, A.4, A.5, A.6 agus A.8 go bhfuair gach ceann acu leithdháileadh um meastachán forlíontach, a bhí méadaitheach nó laghdaitheach, i rith na bliana 2014. Ní thagraíonn gach míniú a chuirtear ar fáil i dtaca le gach ceann de na fo-mhírchinn seo ach do na fáthanna le meastachán forlíontach a ghlacadh.

| **Tuairisc** | **Níos lú / (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) bunmhúinteoirí | 5,080 | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €2,018,420,000 ó meastachán forlíontach €23 milliún go dtí €2,041,420,000.<br><br>An meastachán forlíontach méadaitheach €23 milliún go mór mór de bharr an riachtanais le costas an chéad phárolla sa bhliain 2014 a ghlanadh tríd an gcostas sin a mhuirearú ar chuntais na bliana 2014, cé go raibh sé muirearaithe ar chuntais na bliana 2013 i gcéaduair. Laghdaigh roinnt coigiltis fritháirimh, lenar áiríodh coigilteas ar íocaíochtaí ionadaíochta agus ar chostais na múinteoirí breise, glanmhéid an mheastacháin fhorlíontaigh a bhí riachtanach.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €2.036 billiún 0.25% níos lú an meastachán deiridh. |
| Tuarastail, pá agus liúntais (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) meánmhúinteoirí, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna | 7,698 | Bhí laghdú an meastachán bunaidh de €1,118,053,000 ó meastachán forlíontach €11 milliún go dtí €1,107,053,000.<br><br>D'eascair an meastachán forlíontach laghdaithe as glanchoigilteas ar na fo-cheannteidil a raibh san áireamh ann coigilteas ar chostais ionadaíochta.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €1.099 billiún 0.70% níos lú an meastachán deiridh. |
| Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna maidir le tuarastail múinteoirí gairmscoileanna | (4,366) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €537,113,000 ó meastachán forlíontach €28 milliún go dtí €565,113,000.<br><br>Ba ghá an meastachán forlíontach méadaitheach de bharr roinnt mhaith tosca, ina measc an toisc go raibh ní ba mhó post múinteoireachta sna Boird Oideachais agus Oiliúna ná líon na bpost a ndearnadh soláthar i dtosach báire dóibh, rud a chiallaigh go raibh fomheastachán ar na costais phá san fho-mhírcheann seo i gcoitinne.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €569 milliún 0.8% níos mo an meastachán deiridh. |

| Tuairisc | Níos lú / (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá (lena n-áirítear íocaíochtaí teagmhasacha) cúntóirí riachtanas speisialta múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | (1,666) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €362,256,000 ó meastachán forlíontach €11 milliún go dtí €373,526,000.<br>Tharla an leithdháileadh breise de €11 milliún a theastaigh ar an bhfo-cheannteideal seo go príomha mar gheall ar an riachtanas freastal a dhéanamh ar ghlanchostas an chéad phárolla trí chuntais 2014 a ghearradh. Cuireadh an costas párolla i bhfeidhm an chéad uair mar tháille ar chuntais 2013.<br>Is é an deiridh as-cas de €375 milliún 0.4% níos mo an meastachán deiridh. |
| Aoisliúntas srl. maidir le foireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta | 7,308 | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €1,026,669,000 ó meastachán forlíontach €40 milliún go dtí €1,066,669,000.<br>D’eascair thart ar €24 milliún den róchaiteachas ón ngá le glanchostas an chéad phárolla sa bhliain 2014 a ghlanadh, rud dá ndearnadh buiséadú i dtosach báire i gcuntais na bliana 2013. Bhí gá leis an gcuid eile den mheastachán forlíontach mar bhí líon measta na n-aiscí scoir ní ba mhó ná mar a measadh (2,244 i gcodarsnacht le 1,856 a measadh).<br>Is é an deiridh as-cas de €1.059 billiún 0.7% níos lú an meastachán deiridh. |
| Íocaíochtaí maidir le sásamh i leith foras cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | (2,727) | Áirítear leis an nglan-róchaiteachas foriomlán €2.7 milliún suim €2 milliún toisc gur mhó an líon dámhachtainí a thug an Bord um Shásamh chun críche chomh maith le líon na gcostas dlithiúil tríú páirtí a socraíodh sa bhliain 2014 a bheith ní ba mhó ná mar a réamh-mheasadh agus €1.13 milliún toisc go ndearna an Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí ní ba mhó socraíochtaí sa bhliain 2014 ná mar a réamh-mheasadh ó thaobh na mbillí dlithiúla. D’eascair €0.5 milliún den choigilteas fritháirimh ón maoiniú caipitil a bhí leithdháilte i gcomhair an leachta chuimhneacháin ar íospartaigh na drochúsáide a bheith fós gan chaitheamh toisc nár deonaíodh cead pleanála. |
| Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | 3,202 | D’eascair €0.9 milliún den ghlanchoigilteas ar an bhfo-cheannteideal ilghnéitheach seo mar gheall ar chostais nascachta a bhí níb’ísle ná mar a measadh a tabhaíodh ag an Roinn i dtaca le cláir leathanbhanda na mbunscoileanna agus na n-iarbhunscoileanna, chomh maith le coigilteas ar chostais fhoirne. D’eascair €1 milliún breise coigiltis as iarchur go 2015 ghníomhaíochtaí áirithe TEC. D’eascair coigilteas €0.6 milliún mar gheall ar an bplean gníomhaíochta a bhain le plean eisíocaíochtaí na gCuntas Díomhaoin, ós rud é nár thosaigh sé ag feidhmiú i 2014. D’eascair glanchoigilteas ar scála níos lú ar roinnt tionscadal agus tionscnamh eile. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Forbairt Scileanna** | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 3,017 | 3,571 | 3,839 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 580 | 630 | 794 |
| B.3 | Deontais do SOLAS maidir le riarachán, costais ghinearálta agus deontais agus tacaí oiliúna | | 82,263 | 79,916 | 93,424 |
| B.4 | Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú | | 780 | 521 | 569 |
| B.5 | Deontais do SOLAS maidir le gníomhartha breisoideachais agus oiliúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 226,380 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,500) | 219,880 | 218,659 | 226,268 |
| B.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | | 7,225 | 5,500 | 6,416 |
| B.7 | Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarbhaill FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliuna (AnCO) | | | | |
| | *Bunaidh* | 31,026 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | 33,026 | 33,373 | 30,796 |
| B.8 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 25 | 22 | 10 |
| | | | 346,796 | 342,192 | 362,116 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba lú de €4.6 milliún an an caiteachas i ndáil leis an gClár B ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le fo-mhírcheann B.4 agus B.6 inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

I dtaca le fo-mhírchinn B.5 agus B.7, tá míniú curtha ar fáil i leith na bhfo-mhírcheann seo mar fuair fo-mhírcheann B.5 leithdháileadh laghdaitheach um meastachán forlíontach agus fuair fo-mhírcheann B.7 leithdháileadh méadaitheach um meastachán forlíontach sa bhliain 2014.

| Tuairisc | Níos lú / (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tacaí Chiste Sóisialta na hEorpa agus Tacaí an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú | 259 | D'eascair coigilteas ar thacaí CSE mar gheall ar mhoill i dtaca le faomhadh deiridh an Chláir nua Oibríochtúil agus i dtaca le ceisteanna socraithe dátaí maidir leis an gcaiteachas ar ghníomhaíocht thrasnáisiúnta nár thosaigh go dtí 2015.Thairis sin, tharla coigilteas ar thacaí fiontraíochta an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú de thoradh fadhbanna ó thaobh an uainithe de. |

| Tuairisc | Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais do SOLAS maidir le gníomhartha breisoideachais agus oiliúna | 1,221 | Bhí laghdú an meastachán bunaidh de €226,380,000 ó meastachán forlíontach €6.5 milliún go dtí €219,880,000.<br><br>Chuir an Roinn, le réamhcheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an chuid dheireanach den mhaoiniú as Vóta 26 i gcomhair na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais ar fionraí, agus ina áit sin mhuirearaigh an Roinn í ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna. Ina dhiaidh sin, laghdaigh an Roinne an leithdháileadh ar an mbreisoideachas a thuilleadh de €6.5 milliún tríd an bpróiseas um meastachán forlíontach. Ba ghlanlaghdú é seo a thug deis don Roinn ar éilimh ó áiteanna eile sa Vóta a shásamh.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €219 billiún 0.6% níos mo an meastachán deiridh. |
| Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 1,725 | Ba í príomhchúis an choigiltis iomláin de €1.725 milliún ná fáil ioncaim mhéadaithe tháillí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ). Fuarthas thart ar €1.1 milliún ó tháillí caidrimh a bhaineann le soláthar seirbhísí ráthaíochta caighdeáin ag DCCÉ agus fuarthas thart ar €0.1 milliún ó tháillí bailíochtaithelaghdaí. D'eascair an chuid eile den choigilteas go príomha as costais oibríochtúla a bhí níb'ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis, go háirithe i réimsí na cuntasaíochta agus an chaiteachais TE. |
| Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarbhaill FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliuna (AnCO) | (347) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €31,026,000 ó meastachán forlíontach €2 milliún go dtí €33,026,000.<br><br>Bhí méadú buiséadach riachtanach mar gheall ar ghannmheas líon na mball a bhí ag dul ar scor i 2014 (11 dul ar scor measta le hais 21 dul ar scor iarbhír), chomh maith le gannmheas na gcostas leanúnach párolla pinsin.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €33.4 milliún 1% níos mo an meastachán deiridh. |

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **C** | **Ardoideachas** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | 3,287 | 3,850 | | 4,469 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 631 | 679 | | 924 |
| C.3 | Deontas-i-gcabhair le haghaidh chostais ghinearálta an Údaráis um Ard-Oideachas | | 5,424 | 5,424 | | 5,076 |
| C.4 | Deontais reatha ghinearálta d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile (deontas-i-gcabhair) | | 938,943 | 938,943 | | 1,011,987 |
| C.5 | Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas | | 7,784 | 7,165 | | 7,836 |
| C.6 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair) | | 10,582 | 10,582 | | 11,051 |
| C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas-i-gcabhair) | | 6,201 | 6,201 | | 6,442 |
| C.8 | Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (deontas-i-gcabhair) | | 2,988 | 2,988 | | 3,118 |
| C.9 | Deontais d'fhorais tríú leibhéal áirithe | | 11,300 | 10,402 | | 11,384 |
| C.10 | Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarfhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 67,039 | | | | |
| | *Forlíontach* | 7,000 | 74,039 | 74,890 | | 70,274 |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara | | | | | |
| | *Bunaidh* | 356,252 | | | | |
| | *Forlíontach* | 13,500 | 369,752 | 372,211 | | 366,241 |
| C.12 | Gníomhartha taighde | | 37,600 | 37,600 | | 37,591 |
| C.13 | Gníomhartha an AE, idirnáisiúnta agus thuaidh/theas | | 5,109 | 4,667 | | 4,082 |
| C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | | 2,470 | 2,481 | | 1,900 |
| C.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 333 | 314 | | 302 |
| | | | 1,476,443 | 1,478,397 | | 1,542,677 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €2 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár C ná mar a soláthraíodh. Tugtar míniú thíos maidir le Fo-mhírchinn C.5, C.9 agus C.13 inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

Ina theannta sin, tugtar míniú ar fho-mhírchinn C.10 agus C.11 mar fuair an dá fho-mhírcheann seo leithdháileadh glanmhéadaitheach um Meastachán Forlíontach sa bhliain 2014.

| Tuairisc | Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Coláistí oiliúna le haghaidh bunmhúinteoirí seachas na cinn a mhaoinítear tríd an Údarás um Ard-Oideachas | 619 | D'eascair an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo toisc go raibh an dul chun cinn ar thionscnaimh áirithe ní ba mhoille ná mar a tuaradh agus, ar bhonn ní ba lú, toisc gurbh ísle ná mar a réamh-mheasadh an tarraingt anuas ar dheontais na dtáillí in aisce arna n-éileamh ag na Coláistí. |

| Tuairisc | Níos lú/ (níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais d'fhorais tríú leibhéal áirithe | 898 | D'eascair coigilteas na bliana 2014 ar fho-mhírcheann na ndeontas do choláistí tríú leibhéal eile toisc go raibh an tarraingt anuas ar mhaoiniú na dtáillí in aisce sna forais seachas na cinn arna maoiniú tríd an Údarás um Ard-Oideachas níb ísle ná mar a raibh súil leis. |
| Aoisliúntas srl. iníoctha le hiarfhoireann ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | (851) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €67,039,000 ó meastachán forlíontach €7 milliún go dtí €74 milliún.<br><br>Ghlac an Roinn leis an nglanmheastachán forlíontach maidir le pinsin agus aiscí iníoctha d'iarfhostaithe de chuid na hInstitiúide Teicneolaíochta i 2014 a d'eascair mar gheall ar líon na bpinsean a gearradh don fho-cheannteideal seo – 251 – sin níos mó ná mar a measadh an chéad uair de thoradh ar athaicmiú na n-iarphinsinéirí I.T. a aicmíodh roimhe seo ar na párollaí pinsin mar iarfhostaithe BOO, agus freisin mar gheall ar líon níb'airde ná mar a bhíothas ag coinne leis de dhaoine ag dul ar scor i 2014. Dá bharr sin, ghin an líon níb'airde ná mar a bhíothas ag coinne leis de dhaoine ag dul ar scor costas méadaithe aiscí aoisliúntais.<br><br>Laghdaíodh an glanfhorlíontach a tógadh faoi €5 mhilliún ar eilimint ollscoile an fho-cheannteidil, ós rud é gur soláthraíodh maoiniú breise ag an Roinn go déanach i 2013, rud a raibh de thoradh air riachtanas níb'ísle tarraingthe anuas i 2014.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €74.89 milliún 1% níos mo an meastachán deiridh. |
| Tacaíocht do mhic léinn agus costais ghaolmhara | (2,459) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €356,252,000 ó meastachán forlíontach €13.5 milliún go dtí €369,752,000.<br><br>D'éiligh an fo-cheannteideal an leithdháileadh forlíontach a d'eascair go príomha mar gheall ar mhéaduithe i méid na ranníocaíochta mic léinn agus mar gheall ar an líon daoine a bhí cáilithe le go n-íocfaí an ranníocaíocht seo ar a son, próiseáil níos tráthúla dheontas mic léinn i 2014, chomh maith le coigilteas laghdaithe ó bhearta Buiséid níos luaithe.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €372.211 milliún 0.7% níos mo an meastachán deiridh. |
| Gníomhartha an AE, idirnáisiúnta agus thuaidh/theas | 442 | D'eascair an glanchoigilteas go príomha toisc go raibh an tarraingt anuas sa bhliain 2014 ar chistí comhfhreagracha ó Chomhaontas SAM-Éireann i dtaca le ciste Scoláireachta George Mitchell níb ísle ná mar a bhí tuartha nuair a bhí an meastachán socraithe. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Seirbhísí Caipitil** | | | | |
| D.1 | Riarachán – pá | | 7,631 | 9,039 | 9,339 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,467 | 1,595 | 1,931 |
| D.3 | Tógáil, trealmhú agus feistiú bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 490,350 | | | |
| | *Forlíontach* | (39,500) | 450,850 | 454,835 | 387,396 |
| D.4 | Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 34,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,500 | 70,300 | 79,094 | 68,903 |
| D.5 | Costais na comhpháirtíochta príobháidí poiblí | | 80,250 | 79,467 | 52,333 |
| | | | 610,498 | 624,030 | 519,902 |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €13.5 milliún an caiteachas i ndáil leis an gClár D ná mar a soláthraíodh.

Tá míniú curtha ar fáil maidir le fo-mhírcheann D.3 a fuair leithdháileadh glanlaghdaitheach um meastachán forlíontach agus maidir le fo-mhírcheann D.4 a fuair leithdháileadh méadaitheach um meastachán forlíontach sa bhliain 2014. Ina theannta sin, ós rud é go raibh toradh deiridh bhliana fho-cheannteideal D.4 éagsúil ón méid a measadh faoi níos mó ná €100,000 agus faoi níos mó ná 5%, soláthraítear míniú i dtaca le héagsúlacht deireadh na bliana.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tógáil, trealmhú agus feistiú bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna | (3,985) | Bhí laghdú an meastachán bunaidh de €490,350,000 ó meastachán forlíontach €39.5 milliún go dtí €450,850,000.<br><br>Baineadh moill i rith na bliana 2014 as clár na dtionscadal tógála ar an mórchóir toisc gur tugadh isteach rialuithe tógála nua agus, ar bhonn ní ba lú, toisc go ndearnadh achomhairc phleanála tríú páirtí. Ba é an toradh a bhí ar an moill ná líon ní gur thosaigh ní ba lú tionscadal ar an láithreán ná mar a bhí tuartha nuair a bhí na meastacháin socraithe. Thairis sin, faoi Thionscnamh na Roinne um athsholáthar na ranganna réamhdhéanta, d’eascair coigilteas ar an bhfo-mhírcheann um áitreabh sealadach a ghlacadh ar cíos sa bhliain 2014. D’ísligh an Roinn an leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann de €39.5 milliún, agus lig an coigilteas seo don Roinn an maoiniú a aistriú chuig fo-mhírcheann caipitil an ardoideachais D.4 agus an t-airgead a chaitheamh sa bhliain 2014.<br><br>Is é an deiridh as-cas de €454.8 milliún 0.9% níos mo an meastachán deiridh. |

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Deontais tógála agus costais chaipitil d'ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'fhorais shainithe ardoideachais eile | (8,794) | Méadaíodh an meastachán bunaidh de €34,800,000 ó meastachán forlíontach €35.5 milliún go dtí €70,300,000.<br>Méadaíodh an leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann tríd an bPróiseas um Meastachán Forlíontach chun caoi a thabhairt ar chomhdhlúthú a dhéanamh ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i láithreán Ghráinseach Ghormáin agus ar mhaithe le caiteachas méadaithe ar na hoibreacha i gColáiste Phádraig i nDroim Conrach.<br>Is é an deiridh as-cas de €79.1 milliún 12.5% níos mo an meastachán deiridh.<br>Le réamhcheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, baineadh feidhm freisin san fho-mhírcheann seo as vírimint chun é a chur ar chumas na Roinne €8.8 milliún a chaitheamh de bhreis ar an leithdháileadh ar an bhfo-mhírcheann agus thacaigh sé seo le caiteachas breise chun scéim a mhaoiniú d'fhonn tabhairt faoi mhionoibreacha in earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta. |

# 4 Fáltais

**4.1 E Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 183,799 | 183,209 | 188,183 |
| E.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa, ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE | 24,491 | 23,465 | 1 |
| E.3 | Fáltais ó asbhaintí ó thaobh pinsin ar an luach saothair sa tseirbhís phoiblí | 334,321 | 341,183 | 360,956 |
| E.4 | Daoine ar iasacht/ ró-íocaíochtaí | 5,600 | 5,056 | 5,537 |
| E.5 | Ilghnéitheach | 6,122 | 6,015 | 9,308 |
| | | 554,333 | 558,928 | 563,985 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann inarbh í an difríocht idir an tsuim a measadh agus an toradh ná méid ba mhó ná €100,000 agus inarbh éard a bhí sa toradh ná breis agus 5% amach ón tsuim a measadh.

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Daoine ar iasacht/ ró-íocaíochtaí | 544 | Is deacair fáltais ó thaobh ró-íocaíochta/daoine ar iasacht a thuar go hiontaofa. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Aisghabháil maoinithe neamhchaite a eisíocadh i mblianta roimhe sin don ÚAO. | 615 | 855 |
| Fáltais ó dhíolachán sócmhainní ag FÁS/SOLAS | 115 | 724 |
| Fáiltais ó Ionnaíochtaí dlíthiúla | 80 | 43 |
| Fáiltais ó airgead coinsiasa | 3 | 20 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (763) | (1,642) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig[a, b] | 50 | — |

[a] Leasaíodh méid aistrithe Nollaig 2013 faoi mar a cuireadh i láthair í i gcuntais 2013 le hairgead coinsiasa a léiriú a fuarthas i 2013 chomh maith le héagsúlacht slánaithe de €2,000 a d'eascair mar gheall ar an athrú i riachtanais tuairiscithe do chuntais 2014.

[b] Eascraíonn an t-iarmhéid ag 31 Nollaig 2014 de €50,000 ós rud é nár aistríodh fáltais ó íocaíocht socraíochta a comhaontaíodh ag an iarRoinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i dtaca le tionscadal DAWN Equal an AE a íocadh go déanach i Mí na Nollag 2014, chuig an Roinn Airgeadais go dtí Mí Eanáir 2015.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Is leis an Roinn agus lena cuid comhlachtaí gaolmhara Stáit a bhaineann an fhaisnéis seo a leanas ó thaobh líon agus pá na bhfostaithe.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 95,989 | 94,314 |

Ní áirítear leis an líon foirne a thuairiscítear ach na poist chroíláir a mhaoinítear ar an tríú leibhéal, mar ní áirítear ach na poist seo le comhaireamh foriomlán na foirne san earnáil phoiblí.

### 5.(a) Líon foirne agus páchostais ghaolmhara ar íocadh amach cistí ó Vóta 26 ina leith

| **Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair** | **An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí** | **Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann** | **Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2014** | **Páthoradh ag 31 Nollaig 2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | **€000** |
| **Múinteoirí an chéad leibhéil agus an dara leibhéal** | A.3 | Tuarastail na mBunmhúinteoirí | 33,735 | 2,036,340 |
| | A.4 | Tuarastail na Meánmhúinteoirí agus na Múinteoirí Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha | 17,261 | 1,099,355 |
| | A.5 | Tuarastail Mhúinteoirí na mBord Oideachais agus Oiliúna | 11,080 | 569,479 |
| **Fo-iomlán múinteoireachta** | | | **62,076** | **3,705,174** |
| **Cúntóirí Riachtanas Speisialta an chéad leibhéil agus an dara leibhéal** | A.6.1 | Bunoideachas | 8,923 | 305,453 |
| | A.6 (2–3) | An Dara Leibhéal | 2,198 | 69,470 |
| **Foireann neamh-mhúinteoireachta an chéad leibhéil agus an dara leibhéal** | A.7.1 | Bunoideachas | 307 | 11,783 |
| | A.7 (2–4) | An Dara Leibhéal | 2,358 | 88,366 |
| **Fo-iomlán neamh-mhúinteoireachta** | | | **13,786** | **475,072** |

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2014 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | **€000** |
| **Foireann oideachais tríú leibhéal** | C.3 | An tÚdarás um Ard-Oideachas – riarachán | 59 | 3,492 |
| | C.4 | Ollscoileanna/ Institiúidí Teicneolaíochta/ Acadamh Ríoga na hÉireann | 17,024 | 664,484 |
| | C.5 | Coláistí Oiliúna Múinteoirí | 28 | 2,219 |
| | C.6 | Ospidéal Déadliachta Bhaile Átha Cliath | 121 | 9,382 |
| | C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | 53 | 3,670 |
| | C.11 | Riarachán ar dheontas mac léinn | 101 | 2,983 |
| | C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 9 | 1,044 |
| **An tríú leibhéal – fo-iomlán** | | | **17,395** | **687,274** |
| **Foireann na Roinne** | X.1 | Riarachán | 997 | 56,020 |
| | X.8 | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 192 | 15,127 |
| **Fo-iomlán na Roinne** | | | **1,189** | **71,147** |

| Catagóir na foirne dár tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar íocadh amach na cistí | Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann | Líon Chreat Rialaithe Fostaíochta ag 31 Nollaig 2014 | Páthoradh ag 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | €000 |
| **Foireann eile** | A.11.4 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 146 | 44,405 |
| | B.3.1 | SOLAS | 211 | 47,037 |
| | A.11.1 | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | 30 | 2,553 |
| | A.11.5 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 98 | 6,277 |
| | A.13.1 | An Bord um Shásamh | 19 | 1,164 |
| | C.8 | Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann | 56 | 2,860 |
| | A.13.2 | An Coimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | 2 | 323 |
| | B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann | 76 | 2,052 |
| | A.10.1.3 | Modhscoileanna | 8 | 143 |
| | B.5. | Deontais bhreisoideachais agus deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 820 | 62,375 |
| **Eile - fo-iomlán** | | | **1,466** | **169,189** |
| **Iomlán** | | | **95,912** | **5,107,856** |

Sonraíonn an tábla seo thuas costais phá maidir leis an bhfoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta a bhfeidhmíonn an Roinn mar phámháistir dóibh. Thairis sin, sonraíonn an tábla costais phá maidir leis na comhlachtaí/ forais a mhaoinítear ó Vóta 26. Mar aon leis na sonraí a thugtar thuas, íoctar pá as fo-mhírchinn gan aon ainmniú pá ar leith le 77 mball foirne coibhéise lánaimseartha atá cuimsithe ag an gCreat Rialaithe Fostaíochta.

I dtaca le fo-mhírchinn B.6 (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann), C.8 (Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann), C.3 (An tÚdarás um Ard-Oideachas riarachán) agus C.7 (Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath), áirítear costais phinsin freisin le cuid bheag den phá.

**5.(b) Pá as an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 50,625 | 51,738 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 290 | 256 |
| Liúntais eile | 44 | 49 |
| Ragobair | 509 | 479 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,552 | 4,521 |
| **Pá iomlán** | **56,020** | **57,043** |

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach leis an bhfoireann a íoctar as an bhfo-mhírcheann riaracháin X.1 – Tuarastail, pá agus liúntais.

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2014 | 2013 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 78 | 6 | 19,585 | 20,614 |
| Liúntais eile | 38 | — | 6,108 | 6,108 |
| Ragobair | 236 | 6 | 18,765 | 17,868 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i ní ba mhó ná catagóir amháin.

Baineann sonraí na liúntas agus na n-íocaíochtaí ragoibre sa chlár seo leis an bhfoireann sin amháin a íoctar as fo-cheannteidil X.1 agus X.8 an bhuiséid riaracháin i 2014 (2013: X.1, X.8 agus X.9).

**5.2 Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht agus Pá Bunaithe ar Thuillteanas**

Fuair ochtar ball foirne, a raibh íocaíochtaí seirbhíse speisialta á bhfáil acu faoi chomhaontú athstruchtúrúcháin 1% an Chláir um Iomaíochas agus Obair le Comhlachas na Seirbhíseach Uachtarach Stáit agus Poiblí, €18,358 go hiomlán sa bhliain 2014. Níor íocadh aon phá bunaithe ar thuillteanas i rith na bliana 2014.

**5.3 Státseirbhísigh Athfhruilithe**

Rinneadh 21 státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a athfhuiliú i rith na bliana 2014 ar chostas iomlán €115,395, lenar áiríodh costais taistil agus chothaithe €10,234.

**5.4 Íocaíochtaí Téarfa/Iomarcaíochta**

1. Le linn 2014, íocadh suimeanna iomarcaíochta ar luach iomlán de €2,896,248 do 335 ball foirne teagaisc agus neamhtheagaisc (ag cuimsiú 327 ball foirne neamhtheagaisc, 7 múinteoirí bunscoile agus 1 mhúinteoir iarbhunscoile) – bhí san áireamh sa tsuim seo íocaíocht do idir shuimeanna iomarcaíochta reachtúla agus neamhreachtúla. Sháraigh 103 íocaíocht iomarcaíochta €10,000. Ba é an tsuim ab airde a íocadh i 2014 ná €46,544. Íocadh na baill fhoirne sin a fuair iomarcaíocht trí mheán párollaí na Roinne, i gcáil na Roinne mar phámháistir, do scoileanna áirithe.

2. Faoi théarmaí na dTreoirlínte ar Cheapacháin de chuid na nAirí i dtaca leis an 31ú Dáil, tá foráil maidir le pá téarfa a íoc le daoine arna gceapadh ag airí nuair a chuirtear deireadh lena gceapachán.

   Téann na ceapacháin chun na bpost mar Chomhairleoir Speisialta, mar Chúntóir Pearsanta, mar Rúnaí Pearsanta agus mar Thiománaí Sibhialtach in éag san am céanna agus a thagann deireadh le tréimhse oifige an Aire nó an Aire Stáit.

   D'eascair íocaíochtaí sa bhliain 2014 i dtaca le seisear daoine arna gceapadh ag Airí. Caitheadh suim €94,500 ar íocaíochtaí téarfa, iomarcaíochta agus um fhógra íosta agus íocadh suim €28,200 in ionad saoire nár glacadh.

**5.5 Ró-íocaíochtaí**

**(a) Foireann riaracháin ró-íocaíochtaí tuarastal**

Ba é an méid ró-íocaíochtaí tuarastail ar fho-mhírcheann na foirne riaracháin X.1 ná €113,176 (84 chás) ar 31 Nollaig 2014 i gcomparáid le ró-íocaíochtaí €86,610 (42 chás) i ndeireadh Eanáir na bliana 2014. D'eascair an méadú ar na ró-íocaíochtaí tuarastail tríd an bhfo-mhírcheann seo go mór mór ó dheacrachtaí oibríochtúla a bhain le tosach feidhme na seirbhísí ónár soláthraí seirbhísí comhroinnte – PeoplePoint – i Feabhra 2014.

**(b) Ró-íocaíochtaí pinsean forlíontach**

Chuir Rannóg Aoisliúntais na Roinne athbhreithniú i gcrích ar phinsinéirí thar aois 65 a bhí ag fáil pinsean forlíontach. Tar éis an athbhreithnithe fuarthas amach nach raibh 320 pinsinéir incháilithe leis an bpinsean forlíontach seo a fháil a thuilleadh ós rud é go raibh siad ag fáil pinsean stáit chomh maith ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí luach iomlán de €2.8 milliún ag baint leis na ró-íocaíochtaí pinsin do na 320 pinsinéir seo ar fho-cheannteideal A(8) ag Nollaig 2013 agus ag Nollaig 2014. Cuireadh tús le haisghabháil na ró-íocaíochtaí i Mí Iúil 2015 tar éis caidrimh mhionsonraithe thar 18 mí idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim i dtaca leis na himpleachtaí cánach do phinsinéirí aon réimis aisíocaíochta i dtaca le haisíocaíochtaí a rinneadh a bhí lasmuigh de theorainn ama 4 bliana na gCoimisinéirí Ioncaim.

**(c) Ró-íocaíochtaí múinteora/neamh-mhúinteora agus pearsanra ar scor**

Bhí luach de €3.32 milliún ag baint leis na ró-íocaíochtaí i dtaca le múinteoirí, foireann neamhtheagaisc agus pearsanra ar scor (gan na ró-íocaíochtaí forlíontacha pinsin a chur san áireamh a ndearnadh tagairt dóibh thuas) i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha ag 31 Nollaig 2014 le hais ró-íocaíochtaí de €3.54 milliún ag 31 Nollaig 2013. Gníomhaíonn an Roinn mar phámháistir ar son údaráis bhainistiúla bhreis is 3,700 scoil, agus bíonn sí ag brath, mar sin de, ar na húdaráis scoile go gcuirfidís na sonraí a theastaíonn faoina mbráid do cheapachán/íocaíocht agus stad íocaíochtaí foirne ar bhonn tráthúil. Is féidir go dtarlóidh ró-íocaíochtaí freisin mura leithdháiltear dóthain ama do chur i bhfeidhm socruithe nua Buiséid agus comhaontuithe nua caidrimh thionsclaíoch, faoi mar a tharla le blianta beaga anuas.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Scéim do théacsleabhair ar cíos (fo-mhírcheann A.10)[a] | 4,996 | — |
| Gníomhartha cultúir (fo-mhírcheann C.15) | 132 | 133 |
| | 5,128 | 133 |

Tá liosta d'fhaighteoirí an mhaoinithe le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie).

[a] I 2014, sholáthair an Roinn maoiniú de €4.996 milliún do na scoileanna DEIS sin a bhí ag glacadh páirte sa scéim leabhar ar cíos. Cuireadh an maoiniú ar fáil don Roinn mar chuid de phróiseas na meastachán agus tá sé curtha san áireamh sa mheastachán caipitil d'fho-cheannteideal A.10.1 - Deontais chaipitíochta agus deontais choimhdeacha do bhunscoileanna. I 2014, fuarthas an maoiniú seo ó dhíolachán cheadúnas an Chrannchuir Náisiúnta agus níor chuid den ghnáthshruth maoinithe ón gCrannchur Náisiúnta é.

### 6.2 Maoiniú ón AE

An tsuim €22,940,858 a fuarthas sa bhliain 2014 agus a taispeánadh mar leithreasaí-i-gcabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na fo-mhírchinn seo a leanas de Vóta na Roinne Oideachais agus Scileanna:

Fo-mhírchinn B.3, B.4, B.5, C.4 agus C.11. Ní bhfuair an Roinn fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa i bhfo-mhírcheann E.2 i rith na bliana 2013.

I dteannta na ndeontas ón Vóta, ba é seo a leanas an cúnamh díreach ón Aontas Eorpach chuig na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne i rith na bliana 2014:

| Fo-mhírcheann Tuairisc | Tuairisc | Maoiniú 2014 | Maoiniú 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| A.11.4 | An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas | 171 | 178 |
| B.3 | SOLAS | — | 586 |
| | | 171 | 764 |

**An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú**

***Cúlra***

Gníomhaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna mar Údarás Bainistíochta na hÉireann don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) in Éirinn.

Is clár maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh CECD a chabhraíonn le ballstáit de chuid an AE le pacáiste pearsantaithe uasoiliúna, athoiliúna agus tacaí fiontair a sholáthar do na hoibreoirí sin a dhéantar iomarcach de thoradh ar mhórathruithe struchtúrtha i bpatrúin dhomhanda trádála mar gheall ar dhomhandú nó mar gheall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta.

Cuirtear iarratais ar chó-mhaoiniú AE faoi CECD faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh faofa ar dtús. Tar éis an fhaofa thosaigh ní mór go ndéanfaí an t-iarratas a fhaomhadh ina dhiaidh sin ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle Airí an AE araon.

I dtaca le cláir fhaofa na mbeart arna gcur isteach ag Ballstáit, baineann na huasrátaí seo a leanas um chómhaoiniú an AE le hábhar san ord ama

- Iarratais a cuireadh isteach idir Bealtaine 2009 agus Nollaig 2011 – 65%
- Iarratais a cuireadh isteach idir Eanáir 2012 agus Nollaig 2013 – 50%
- Iarratais le cur isteach idir Eanáir 2014 agus Nollaig 2020 – 60%.

Is é an cómhaoiniú náisiúnta a ghlanann iarmhéid chostais na gclár.

Is de chineál ilbhliantúil iad cláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú. Faoi Alt 16(4) de Rialachán (AE) Uimhir 1309/2013, maireann an tréimhse fhorfheidhmithe a bhíonn ag clár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú 24 mhí, tréimhse dar tús an dáta a gcuireann an Ballstát iarratas isteach. Lena chois sin, féadfar bearta a thosaigh sular cuireadh an t-iarratas isteach ach tar éis do na hiomarcaíochtaí a bheith fógartha i gcoitinne a chur san áireamh. Faoin Rialachán, ní mór do Bhallstát tuarascáil deiridh agus ráiteas caiteachais a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar dháta nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh an chláir; ansin beidh tréimhse chlabhsúir sé-mhí eile ag an gCoimisiún chun an clár a scrúdú roimh dó é a fhoirceannadh go foirmiúil, agus ar an gcaoi sin is féidir tréimhse chlár an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú a fhadú go 36 mhí ar a laghad.

Is mar gheall ar struchtúr ilbhliantúil an Chiste, éilimh chaiteachais a bheith curtha isteach ag soláthraithe náisiúnta seirbhíse ar bhonn eatramhach, ar bhonn bliantúil nó ar bhonn ilbhliantúil agus gan an chionroinnt ar chaiteachas iomlán an AE agus ar an gcaiteachas náisiúnta iomlán a bheith tugtha chun críche go dtí clabhsúr iomlán na gclár, a bhíonn sé deacair caiteachas bliantúil ar chláir a réiteach i gcomhréir leis an tuairisciú forordaithe ar na cuntais náisiúnta. Beidh na sonraí iomlána de chaiteachas na gclár ar fáil, áfach, nuair a bheidh gach clár ar leith foirceanta.

***Cláir CECD na hÉireann***

Rinneadh naoi n-iarratas ar son na hÉireann le haghaidh có-mhaoiniú CECD suas go deireadh 2014.

Rinneadh seacht gclár a thabhairt chun críche go foirmeálta ag an gCoimisiún Eorpach (Dell, Waterford Crystal, S.R. Technics, NACE 41 (‘Tógáil Fhoirgneamh’), NACE 43 (‘Gníomhaíochtaí speisialaithe tógála’) NACE 71 (‘Seirbhísí Ailtireachta) agus cláir CECD Talk Talk) agus go dtí seo rinneadh aisíocaíochtaí có-mhaoinithe CECD nár úsáideadh ar luach iomlán €25 milliún do Choimisiún an AE. Bhí cláir CECD DELL, Waterford Crystal, SR Technics agus NACE 43 uilig faoi réir ag iniúchadh cé acu ag an gCoimisiún Eorpach nó ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus ní dhearnadh aon chinneadh substaintiúil ag ceachtar den dá chomhlachas in aghaidh na hÉireann.

Cuireadh an t-ochtú iarratas cláir CECD isteach i Mí na Bealtaine 2014 ag tacú le 171 oibrí a rinneadh iomarcach ag monarcha déantúsaíochta seodra Andersen Éire i Ráth Caola, Co. Luimnigh go déanach i 2013. Bhí an t-iarratas ag lorg tacaíochta freisin do suas le 138 duine óg áitiúla faoi bhun 25 bliana nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (daoine NEET) faoi fhoráil nua roghnach de Rialachán (AE) Uimh 1309/2013, a rialaíonn babhta maoinithe 2014 – 2020. Seo an chéad iarratas Éireannach a cuireadh isteach faoi Alt 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 a dhéanann soláthar do mhaolú ón ngnáth-íostairseach cáilitheachta de ar a laghad 500 iomarcaíocht i ndálaí eisceachtúla. Go dtí seo, seo an grúpa iomarcaíochta is lú a ndeachaigh aon iarratas CECD Éireannach i bhfeidhm air. Fuair an clár faomhadh deiridh ó gach ceann d’Institiúidí ábhartha an AE i Mí na Samhna 2014, agus fuarthas ranníocaíocht chó-mhaoinithe an AE in Éirinn go déanach i Mí na Nollag 2014.

Cuireadh an naoú hiarratas faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Mí Mheán Fómhair 2014 ag lorg tacaíocht chó-mhaoinithe CECD do 424 oibrí a rinneadh iomarcach idir Mí na Nollag 2013 agus Mí Mheithimh 2014 ag áis chothabháil, dheisiú agus ollchóiriú aerárthach Lufthansa Technik Airmotive Ireland i Ráth Cúil, Co. Átha Cliath. Bhí an t-iarratas seo ag lorg tacaíochta do suas le 200 duine NEET freisin. Fuair an clár faomhadh deiridh ó Institiúidí ábhartha ar fad an AE i Mí Aibreáin 2015, agus fuarthas ranníocaíocht chó-mhaoinithe an AE ag Éirinn go luath i Mí na Bealtaine 2015.

| Clár | Ráta an chó-mhaoinithe AE | Leithdháileadh Cláir | Caiteachas Cláir | Fáltais ón AE | Có-mhaoiniú AE nár úsáideadh a aisíocadh don Choimisiún Eorpach |
|---|---|---|---|---|---|
| | % | €000 | €000 | €000 | €000 |
| DELL | 65% | 22,817 | 13,620 | 14,831 | 5,978 |
| Waterford Crystal | 65% | 3,955 | 3,090 | 2,571 | 563 |
| SR Technics | 65% | 11,455 | 4,504 | 7,446 | 4,518 |
| NACE 41 | 65% | 19,523 | 12,619 | 12,690 | 4,488 |
| NACE 43[a] | 65% | 33,329 | 20,249 | 21,664 | 8,502 |
| NACE 71 | 65% | 2,135 | 1,811 | 1,388 | 211 |
| Talk Talk | 50% | 5,393 | 3,794 | 2,696 | 799 |
| Anderson Ireland | 60% | 2,502 | n/a | 1,501 | n/a |
| Lufththansa Technik Airmotive Ireland | 60% | 4,151 | n/a | n/a | n/a |
| **Iomlán** | | **105,260** | **59,687** | **64,787** | **25,059** |

[a] San iomlán aisíocadh €820,580 de chó-mhaoiniú CECD nár úsáideadh nó nach raibh incháilithe don Choimisiún Eorpach i 2015.

Tá cómhaoiniú náisiúnta curtha ar fáil go dtí seo do chláir an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ó:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna, fo-mhírchinn B.3 – tacaí agus liúntais oiliúna, cúnamh teicniúil, B.4.1 – tacaí fiontraíochta, B.5 – tacaí agus liúntais oideachais an dara leibhéal, C.4 – tacaí oideachais an tríú leibhéal, C.11 – deontais chothabhála do mhic léinn
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (treorú, tacaí agus liúntais oideachais agus oiliúna agus cúnamh teicniúil)
- An Roinn Coimirce Sóisialaí – Vóta 38 – Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas agus tacaí seirbhíse fostaíochta.

***Gníomhartha an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú sa bhliain 2014***

Seachadadh bearta treorach, oiliúna, oideachais agus fiontair do thairbhithe faoi chlár CECD Talk Talk go dtí gur críochnaíodh é i Mí Feabhra 2014. Cuireadh tuarascáil deiridh agus ráiteas caiteachais a mhínigh an caiteachas faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i Mí Lúnasa 2014. As an leithdháileadh iomlán a bhí ar fáil faoin gclár de €5.39 milliún, measadh an tsuim de €3.79 milliún a bheith incháilithe do chó-mhaoiniú 50% AE. Cuireadh suim de €799,499 de chó-mhaoiniú AE nár úsáideadh ar ais go cuí chuig an gCoimisiún Eorpach i Mí Aibreáin 2015.

Ina theannta sin, cuireadh tús sa bhliain 2014 le Clár Andersen Ireland an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú, arna fhaomhadh ag an Aontas Eorpach, agus, in oirchill an láncheadaithe ón Aontas Eorpach, le clár Lufthansa Technik Airmotive Ireland freisin. Tá an caiteachas uile ar na cláir seo go dtí seo curtha ar fáil ag foinsí náisiúnta maoiniúcháin agus tabharfaidh an tAontas Eorpach cómhaoiniú 60% mar is cuí, faoi réir áireamh chaiteachas intofa deiridh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú agus faoi réir thaisceadh na dtuarascálacha deiridh agus na ráiteas um fhírinniú an chaiteachais leis an Aontas Eorpach sa bhliain 2016 agus sa bhliain 2017, faoi seach.

**Poist á maoiniú ag an AE sa Tionscadal um Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas tráth)**

Tá dhá phost sa Tionscadal um Theicneolaíocht san Oideachas de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, poist atá á bpáirtmhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Bhí trí phost ann go dtí 1 Iúil 2014. Baineadh úsáid as an maoiniú seo ar an Tionscadal um Idirlíon Níos Sábháilte agus ar an Tionscadal Líonra um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí.

**Tionscadal le haghaidh Idirlín Níos Sábháilte**

Maoiníonn an tAontas Eorpach an tionscadal seo ar bhonn neasach 62%, agus thart ar 38% ag teacht trí bhíthin mhaoiniú na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ghníomhaigh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí mar lárionad feasachta i gcomhair an Chuibhreannais le haghaidh Idirlín Níos Sábháilte in Éirinn, arna chomhordú ag an Oifig um Shábháilteacht Idirlín sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**An Tionscadal Líonra um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí**

Maoiníodh an tionscadal seo 100% ag an AE agus tionscadal píolótach a bhí ann agus é mar chuspóir aige ardán príomhsheirbhísí idirlín níos fearr a thógáil do leanaí (INFL) a thógáil le hacmhainní, seirbhísí agus cleachtais a roinnt idir soláthróirí náisiúnta seirbhísí idirlín níos sábháilte.

Is é ról na Roinne Oideachais agus Scileanna sa tionscadal píolótach seo ná páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i dtástáil phríomhsheirbhísí:

- a mhéadaíonn feasacht agus teagasc sábháilteachta ar líne i ngach scoil san AE le litearthacht dhigiteach agus mheáin chumarsáide na leanaí a fhorbairt chomh maith le féinfhreagracht ar líne
- a chruthaíonn timpeallacht shábháilte do leanaí mar a dtugtar na huirlisí sin a theastaíonn do thuismitheoirí agus do leanaí lena gcosaint ar líne a chinntiú – mar shampla meicníochtaí so-úsáidte le hábhar agus iompar dhochracha ar líne a thuairisciú, socruithe príobháideachais réamhshocraithe atá trédhearcach agus aoisoiriúnach nó rialuithe tuismitheora atá cairdiúil don úsáideoir.

Chuir baill eile cuibhreannais le forbairt phríomhsheirbhísí le tacú le hoibriú beolínte pornagrafaíochta leanaí le dul i ngleic le cúrsaíocht ar líne ábhair mí-úsáide gnéis leanaí trí sheirbhísí tuairiscithe agus bainte anuas.

**Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann**

Fuair Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maoiniú ón Aontas Eorpach i dtaca leis an Europass agus i dtaca le gníomhartha an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí sa bhliain 2014, chomh maith leis an rúnaíocht i gcomhair an Chreata Thagartha Eorpaigh um Dhearbhú Cáilíochta a chur ar fáil. B'ionann an maoiniú seo agus €641,135 i rith na bliana 2014.

**6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin – Caiteachas Státchiste**

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2014 | Caiteachas i 2014 | Caiteachas i 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiúin Ad Hoc / Coimisiúin Cuspóra Sheasta | | | | |
| Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú | 1999 | 78,646 | 7,168 | 2,815 |
| Scéim um Shásamh i leith Foras Cónaithe[a,b] | 2002 | 1,191,360 | 47,844 | 50,079 |
| Fiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh[c] | 2006 | 334 | 7 | — |
| **Iomlán[4]** | | 1,270,340 | 55,019 | 52,894 |

[a] Chomh maith le caiteachas Státchiste na Scéime um Shásamh d'Institiúidí Cónaithe, tógann ranníocaíochtaí ó na cuallachtaí reiligiúnacha faoi Chomhaontú Cúitimh 2002 de €42.3 milliún, a caitheadh ar an scéim, tógann siad an caiteachas iomlán ar an Scéim Shásaimh agus an dlíthíocht ghaolmhar faoi Chomhaontú Cúitimh 2002 go €1.234 billiún. Caitheadh €1.224 billiún de sin ar an Scéim Shásaimh d'Institiúidí Cónaithe agus caitheadh €10 milliún de bhun Chomhaontú Cúitimh 2002.

[b] Áirítear mar chuid den chostas carnach don Scéim Shásaimh d'Institiúidí Cónaithe de €1.2 billiún ag deireadh 2014 caiteachas de €8.5 milliún ag an gCoiste Athbhreithnithe do na hInstitiúidí Cónaithe.

[c] Thug an Roinn faoi deara i gcuntais Vóta 26 2012 gur cuireadh an obair ar an bhFiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh i gcrích. D'eascair, áfach, costais iarmharacha dhlíthiúla de €7,000 i 2014 i dtaca le táillí dlíthiúla a bhain leis an bhFiosrúchán. Tá an obair ar an bhFiosrúchán seo críochnaithe anois.

**6.4 Costais Dlí agus Cúiteamh**

Rangaítear na costais dlí a íocadh i rith na bliana mar seo a leanas:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí dlí | 8,142 | 2,873 |
| Cúiteamh | 16 | — |
| Dámhachtainí | 223 | 224 |
| | 8,381 | 3,097 |

Sonraíonn an tábla seo thuas costais dlí agus táillí dlí a bhíonn á n-íoc go díreach ag an Roinn agus ní scáil é ar chostais dlí comhlachtaí eile a dtacaíonn fo-mhírchinn vótáilte leo.

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

**Sásamh**

Déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord um Shásamh i leith Foras Cónaithe.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh na bliana 2014 ná €78.65 milliún. Meastar gur féidir go n-eascróidh costais bhreise €3.55 milliún chun íoc as costais eile an Choimisiúin agus chun aghaidh a thabhairt ar aon mhoill gan choinne i dtaca le díscaoileadh an Choimisiúin.

Ba é an caiteachas a bhain leis an Scéim Shásaimh d'Institiúidí Cónaithe go deireadh 2014 ná €1.234 billiún. Meastar go n-eascróidh costais bhreise de thart ar €13 mhilliún. Cuireann an meastachán seo san áireamh soláthar don dlíthíocht agus déanann sé freastal ar aon mhoill gan choinne le linn lánscor na gcomhlachas.

**6.6 Díscríobhanna**

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas sa bhliain:

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Orduithe iníoctha briste i ndálaí mírialta | 3 | — |

Níorbh ann d'aon díscríobh de bhun mírialtachtaí i 2013.

**6.7 Calaoisí/Neamhrialtachtaí Amhrasta**

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Calaois | 24 | 30 |
| Neamhrialtacht Amhrasta | — | 1 |

Cuireadh ar a súile don Roinn i dtaobh na bliana 2014 gurbh ann do 13 chás nua calaoise/neamhrialtachtaí amhrasta, atá fós á scrúdú i Lúil 2015. Baineann an tsuim de €24,000 le cás amháin calaoise a tugadh faoi deara i 2014. Sna 12 chás atá fágtha, mar gheall ar íogaireacht ama an tuairisceáin bhliantúil, ní raibh dóthain faisnéise ar fáil leis na heachtraí seo a chatagóiriú mar chalaois mar go bhfuil fiosrúcháin fós ar siúl le fáil amach an raibh calaois/mírialtacht i gceist leis na cásanna nó an mbaineann siad le hearráid dhaonna.

Eascraíonn na cásanna á scrúdú go háirithe i dtaca le deontais a eisiúint, líonta rollúcháin scoile nó maidir le maoiniú ón Státchiste a chaitheamh go míchuí. Bunaítear na figiúirí a luaitear i gcomhair na bliana 2014 ar na tuairisceáin a dhéantar chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhthéacs chuntas leithreasa na bliana 2014 agus is féidir go ndímholfar na figiúirí sin de réir mar a tharraingeofar aird na Roinne ar fhaisnéis nua.

Ós rud é gur cásanna leanúnacha iad na cásanna seo, leanfaidh an Roinn de gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun airgead an Státchiste a aisghabháil san áit ar tharla calaois nó neamhrialtachtaí. I ndálaí a mbíonn bonn cirt leis an aisghabháil, tarlóidh sí seo trí aisíocaíocht dhíreach nó trí shuimeanna comhaontaithe a choinneáil siar ó dheontais choimhdeacha.

**6.8 Ús Íocaíochta Déanaí**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a dhlitear | €27,000 | €2,000 |
| Líon na faighteoirí €10,000 nó níos mó | 1 | — |

D’eascair glanús agus glanchúiteamh prapíocaíochta na Roinne a íocadh i 2014 i dtaca le híocaíochtaí chuig 61 soláthróir. Bhain €25,000 den tsuim iomlán a íocadh le híocaíocht dhéanach shonraisc amháin do chóiríocht chíosa.

**6.9 Sásamh i leith Foras Cónaithe**

***Cuntas Speisialta um Shásamh i leith Foras Cónaithe faoi Théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta***

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí Cuntas Speisialta arna mhaoiniú as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an Chuntais Speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta idir an Stát agus na cuallachtaí reiligiúnacha (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na cuallachtaí reiligiúnacha a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gCuntas Speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais ghaolmhara dlí agus socraíochta. Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

***Cuntas Infheistíochta an Chiste Reachtúil i leith Foras Cónaithe arna bunú ag Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta***

In Aibreán 2010, d'fhógair an Rialtas go raibh sé de rún aige feidhm a bhaint as €110 milliún de na ranníocaíochtaí a thairg na cuallachtaí reiligiúnacha chun ciste reachtúil a bhunú agus a oibriú d'fhonn tacú le riachtanais mharthanóirí na drochúsáide leanaí sna forais chónaithe. Fad a bheadh bunú an chiste reachtúil ar feitheamh, osclaíodh cuntas ústhorthach speisialta, faoi chomhsmacht na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus na Roinne Oideachais agus Scileanna, sa Bhanc Ceannais chun na ranníocaíochtaí airgid a ghlacadh ó na cuallachtaí reiligiúnacha.

Tar éis thosach feidhme an Achta um an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe 2012 agus tar éis do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta cuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe a bhunú, aistríodh iarmhéid €41,314,845 chuig cuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i Márta 2013, móide suim bhreise úis fhabhraithe arbh éard a bhí inti go hiomlán ná €12,376 a fuarthas in Aibreán 2013, de réir ailt 29(1) d'Acht 2012. Bhí an cuntas Bainc Ainmnithe lárnach dúnta ina dhiadh sin i 2013.

Sna blianta 2013 agus 2014, fuarthas ranníocaíochtaí breise airgid €33,441,828 agus €5,543,039, faoi seach, ó na cuallachtaí reiligiúnacha agus taisceadh iad i gcuntas infheistíochta an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe. Ba é iomlán na dtaiscí ar 31 Nollaig 2014 i gcuntas Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ná €80,312,088.

Forálann Acht 2012 go bhféadfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a íoc leis an gCiste Reachtúil Foras Cónaithe (a úsáideann an t-ainm Caranua), arb éard a bheidh iontu ná suimeanna a bheidh iarrtha chun íoc as caiteachas a thabhóidh sé ó thaobh a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Forálann Acht 2012 freisin go n-íocfaidh Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suimeanna a bheidh iarrtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun íocaíochtaí a dhéanamh le hoifigeach neamhspleách na n-achomharc arna cheapadh faoi alt 21 d'Acht 2012. Tá cuntais an Chiste Reachtúil Foras Cónaithe faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### 6.10 Caiteachas ar Chóiríocht Shealadach Scoile

Chuimsigh an caiteachas i rith na bliana 2014, faoi fho-mhírcheann D.3.3 suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €16.4 milliún go hiomlán i dtaca le háitribh shealadacha (2013: €26 milliún).

### 6.11 Tabhairt Anonn Buiséid

Níor bhain Vóta 26 leas as tabhairt anonn buiséid ón mbliain 2013 sa bhliain 2014.

### 6.12 Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim i 2015

Le hiniúchadh a chríochnú a rinne na Coimisinéirí Ioncaim, rinne an Roinn, i Mí Mhárta 2015, íocaíocht socraíochta do na Coimisinéirí de €1,359,358. Eascraíonn an tsocraíocht, a chlúdaíonn an tréimhse 2010 go 2013, as dliteanais a bhaineann le feidhm do ÍMAT/ÁSPC agus MSU i dtaca le híocaíochtaí áirithe a rinne an Roinn d'Oidí Baile, i dtaca le híocaíochtaí do bhaill Bhord agus Coistí a bhaineann le cúrsaí oideachais agus do líon beag íocaíochtaí do dhaoine aonair. Cuireadh socruithe nua i bhfeidhm anois ag an Roinn le comhlíonadh cánach a chinntiú i dtaca leis na híocaíochtaí seo.

# 7. Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Cuntais Neamhvótáilte

| | 2014 | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | **Urrúis** | **Airgead Tirim** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir | — | — | — | 548 |
| Urrúis a fuasclaíodh | — | — | — | 53 |
| Aistriú na nUrrús chuig na Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla[a] | — | — | — | (1) |
| Aistriú an airgid fhuascailte chuig cuntas fáltas agus íocaíochtaí | — | — | — | (600) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | — | — | — | — |

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig**

| | **Iomlán 2014** | **Iomlán 2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | — | 20 |
| Fáltais ó dhíbhinní | — | 24 |
| Fáltais ón gcuntas caipitil | — | 600 |
| Aistriú chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla[a] | — | (625) |
| Íocaíochtaí | — | (19) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | — | — |

[a] I gcomhréir le comhaontú le hOifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla (CTTC), chríochnaigh an Roinn aistriú na gcistí dearlaice agus na sealbhán stoic fhuílligh chuig CTTC ar bhonn agaithe i gcaitheamh na mblianta ó 2010 go 2013, agus íocadh gach pioc den airgead faoi dheireadh na bliana 2013. Chomhlíon na Coimisinéirí agus a gcomharbaí, an tÚdarás Rialála Carthanas, riarachán laethúil uile na sealbhán ó 31 Nollaig 2013.

### 7.2 Scoileanna Dearlaice

Cuntas ar fháltais agus ar íocaíochtaí na scoileanna dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire), 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2014, i leith Caipitil agus Ioncaim.

| | 2014 | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | **Urrúis** | **Airgead Tirim** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | — | — | — | 416 |
| Urrúis a fuasclaíodh | — | — | — | (117) |
| Urrúis a aistríodh chuig na Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla[a] | — | — | — | (2) |
| Aistriú cistí | — | — | — | (297) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | — | — | — | — |

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais | — | 308 |
| Aistriú chuig Oifig Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla[a] | — | (308) |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | — | — |

[a] De réir comhaontaithe le hOifig na gCoimisinéirí do Thabhartais agus do Thiomnachtaí Carthanúla, agus ag tosú ó 2010, aistríodh idir chistí dearlaice agus stocshealúchais go OCTTC ar bhonn céimnithe thar na blianta 2010 go 2013, agus an t-airgead ar fad íoctha faoi dheireadh 2013. Tá OCTTC, agus a chuid comharbaí san Údarás Rialála Carthanas, ag cur riarachán laethúil ar fad an tsealúchais i gcrích ó bhí 31 Nollaig 2013.

**Ráiteas Comhdhlúite ar Mhaoiniú Dearlaice/Tiomnachta a aistríodh chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla 2011 – 2013**

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cistí neamhvótáilte | 558 | 135 | 625 | **—** | **1,318** |
| Cistí na scoileanna dearlaice | 211 | 19 | 308 | **—** | **538** |
| Maoiniú iomlán a aistríodh chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla | **769** | **154** | **933** | **—** | **1,856** |

Mar a shonraítear i nótaí 7.1 agus 7.2 thuas, d'aistrigh an Roinn na tiomnachtaí neamhvótáilte go léir agus na cistí go léir de chuid na scoileanna dearlaice chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla i gcaitheamh na mblianta 2011 – 2013. Tar éis comhaontaithe thosaigh le Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla, a díscaoileadh sa bhliain 2014 agus ar tháinig an tÚdarás Rialála Carthanas i gcomharbas orthu, tá Bord an Údaráis Rialála Carthanas ag bainistiú na n-infheistíochtaí tiomnachta/dearlaice thar ceann an Aire agus ag lamháil an ioncaim i gcomhréir le coinníollacha na dtiomnachtaí agus na ndearlaicí. Thairis sin, féadfaidh an Bord, i ndálaí áirithe, eisíocaíochtaí a dhéanamh de bhun treoracha ón Aire.

**7.3 Ciste Deontas-i-gCabhair 2014**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fo-mhírcheann C.15.2 – ciste le haghaidh chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí cultúir, eolaíochta agus oideachais (arna mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta) | 132 | 133 |
| | 132 | 133 |